Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Samhain 2019
(OR. en)

14056/19

LIMITE

DROIPEN 181
COPEN 430
JAI 1185
CT 122
FREMP 163
SOC 745

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13631/19 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Cearta Íospartach |

1. Tá treisiú chosaint na gceart d'íospartaigh na coireachta san áireamh i dtosaíochtaí chlár oibre na hUachtaránachta. Díríodh ar an ábhar sin ag díospóireacht lóin ag Comhairle CGB (seisiún ceartais) a tionóladh ar an 7 Deireadh Fómhair 2019 ar bhonn a pléпháipéir[1]. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí tionscnamh na hUachtaránachta aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin agus tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh sa réimse sin.

2. Mar chéim bhreise, thíolaic an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle[2], agus é mar aidhm leo creat reatha an Aontais a neartú i réimse chearta na n-íospartach, cur chun feidhme an chreata sin a fheabhsú agus a dhéanamh níos éifeachtúla, chomh maith le tuilleadh forbartha a dhéanamh air. I ndáil leis sin, sainaithnítear sna dréachtchonclúidí ón gComhairle gníomhaíochtaí nithiúla agus tionscnaimh le glacadh agus le forbairt ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit.

[1] 12401/19 + COR 1
[2] 12630/19

3. Bhreithnigh an Mheitheal um chomhar breithiúnach in ábhair choiriúla a tionóladh ar an 9 agus an 22 Deireadh Fómhair 2019 na dréachtchonclúidí ón gComhairle[3]. Rinneadh téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle, a d'eascair as an dá chruinniú sin, agus ina gcuirtear san áireamh freisin barúlacha scríofa a thug Ballstáit isteach, tar éis nós imeachta an tosta[4], a chur faoi bhráid CATS ag an gcruinniú a bhí aige an 12 Samhain 2019[5]. Dhaingnigh na toscaireachtaí go raibh siad tagtha ar chomhaontú maidir le téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

4. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a chur faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe ag an gcruinniú a bheidh aige an 20 Samhain 2019 agus faoi bhráid na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (seisiún ceartais), ag an gcruinniú a bheidh aici an 3 Nollaig 2019, lena ghlacadh.

---

[3] 13125/19
[4] 13531/19
[5] 13631/19

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CEARTA ÍOSPARTACH**

*Déanann an Chomhairle an méid a leanas:*

– á mheabhrú di an dul chun cinn suntasach atá déanta maidir le creat cuimsitheach de chuid an Aontais a bhunú i réimse chearta na n-íospartach;

– á chur i dtreis a thábhachtaí atá sé an creat sin a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme rianúil éifeachtúil a fheabhsú, agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha uile a bheith ann;

(1) ATHDHEARBHAÍONN SÍ clár oibre straitéiseach nua an Aontais Eorpaigh, ar dá réir is príomhthosaíocht de ghníomhaíocht an Aontais do na blianta 2019-2024 saoránaigh agus saoirsí a chosaint. Tá athdhearbhaithe ag an gComhairle Eorpach nach mór don Eoraip a bheith ina háit ina mothaíonn daoine saor sábháilte.

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is díol sásaimh di obair an Choimisiúin maidir le cearta íospartach a fheabhsú a thuilleadh agus na feabhsuithe iomchuí a shainaithint i réimse rochtain na n-íospartach ar chúiteamh. Thairis sin, measann an Chomhairle go soláthraítear bonn maith le hobair amach anseo sa tuarascáil *Strengthening victims' rights: from compensation to reparation - For a new EU victims' rights strategy 2020-2025* [Cearta íospartach a neartú: ó chúiteamh go leorghníomh - Ar mhaithe le straitéis nua de chuid an Aontais um chearta íospartach 2020-2025][6].

(3) AITHNÍONN SÍ an obair shuntasach a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), go háirithe a mhéid a bhaineann le taighde agus suirbhéanna maidir le heasnaimh i ndáil le cearta íospartach a shainaithint agus deireadh a chur leo, e.g. an tacar de cheithre thuarascáil ar cheartas d'íospartaigh coireanna foréigneacha a foilsíodh i mí Aibreáin 2019. Bunaithe ar na tuairimí a chuirtear i láthair sna tuarascálacha thuasluaite, measann an Chomhairle gur léir go bhfuil gá le bearta chun rochtain na n-íospartach ar cheartas agus ar chúiteamh a fheabhsú.

---

6 Leagtar amach an tuarascáil in 8629/19.

(4) ATHDHEARBHAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle a bhí ann roimhe seo maidir le híospartaigh na sceimhlitheoireachta[7] agus maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban, a chosc agus a chomhrac, a eisíodh in 2014[8].

(5) AITHNÍONN SÍ na torthaí follasacha a baineadh amach tríd an obair a rinneadh faoi shainordú cothrománach Chomhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais, de réir Airteagal 20 de Threoir Frithgháinneála an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le rochtain ar chearta íospartaigh na gáinneála ar dhaoine agus i ndáil lena gcur i gcrích, agus i ndáil le Teachtaireacht 2017 dar teideal 'Tuairisciú ar an obair leantach maidir le Straitéis an Aontais chun gáinneáil ar dhaoine a dhíothú agus chun tuilleadh gníomhaíochtaí nithiúla a shainaithint'.

(6) MEASANN SÍ go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach leanúint den obair agus dlús a chur léi chun cearta íospartach san Aontas Eorpach a neartú. Chuige sin, maidir leis an measúnú ar chur chun feidhme na n-ionstraimí dlí is déanaí - amhail Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac[9], chomh maith le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle[10], atá fós ar siúl, ba cheart iad sin a thabhairt chun críche go luath. Tá an Chomhairle den tuairim go bhfuil bonn cirt le leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar bheartas an Aontais Eorpaigh maidir le híospartaigh i gcomhréir leis na reachtanna ábhartha is déanaí de chuid an Aontais agus i ndáil le riachtanais agus cearta íospartach.

(7) MEASANN SÍ gur cheart maoin chalctha a aiseag leis an íospartach faoi Rialachán (AE) 2018/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe calctha agus d'orduithe coigistíochta[11] mar bhealach tábhachtach chun aitheantas a thabhairt don íospartach.

[7] 9719/18.
[8] 9543/14.
[9] IO L 88, 31.3.2017, lch. 6.
[10] IO L 315, 14.11.2012, lch. 57.
[11] IO L 303, 28.11.2018, lch. 1.

(8) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé aistriú reachtanna a bhaineann le cearta íospartach isteach sa dea-chleachtas sna Ballstáit a neartú. Tá sé tábhachtach go mbraithfidh íospartaigh go bhfuil feidhm ag a gcearta sa chleachtas agus gan beann ar cén Ballstát inar tharla an choir. Ní mór an rochtain atá ag íospartaigh ar chearta a áirithiú trí éifeachtacht na cumarsáide le híospartaigh a mhéadú trí na bearta iomchuí ar fad a dhéanamh. Ina theannta sin, ní mór tacaíocht chuimsitheach bhuan a thabhairt d'oiliúint agus saineolas na ndaoine a bhuaileann le híospartaigh.

(9) LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá cistiú ón Aontais chun cearta íospartaigh na coireachta a chur chun cinn sna Ballstáit. Measann an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach go n-áireofaí ar an gClár um Cheartas, ar an gClár um Chearta agus Luachanna agus ar Chiste Slándála Inmheánaí chreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais do 2021-2027 an deis gníomhaíochtaí agus tionscnaimh a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar chearta íospartach a chistiú.

(10) AITHNÍONN SÍ gur ábhair idirinstitiúideacha, tras-rialtasacha, iltoiseacha iad na hábhair a bhaineann le cearta íospartach agus gur gá iad a chomhordú. Maidir le comhordú ar leibhéal an Aontais a fhorbairt, ní mór meastóireacht a dhéanamh ar thaithí maidir le cúraimí a bhaineann le comhordú sula ndéanfar breithniú ar struchtúir nua chomhordaithe a bhunú nó ar chúraimí atá ann cheana a mhodhnú. Ba cheart, go háirithe, aon fhorluí le sainorduithe atá ann cheana agus le creataí comhordaithe ar leibhéal an Aontais arna mbunú faoi dhlí an Aontais a sheachaint. Tá sé tábhachtach go mbeidh an tAontas gníomhach maidir le comhar trasteorann a chothú idir na Ballstáit. Mar sin féin, ba cheart na struchtúir chomhordúcháin náisiúnta a bheith i gcónaí faoi fhreagracht iomlán na mBallstát.

(11) TUGANN SÍ DÁ hAIRE, in ainneoin na n-iarrachtaí suntasacha atá déanta lena áirithiú go gcuirtear rialacha i bhfeidhm agus go gcloítear le cearta sa chibearspás, go bhfuil méadú ag teacht i gcónaí ar gach cineál cibearchoireachta agus iompraíochta díobhálaí ar líne, rud a fhágann gur gá cosaint a chur ar fáil d'íospartaigh atá thíos le sárú ar a gcearta bunúsacha, caillteanais eacnamaíocha, goid chéannachta agus damáistí i gcoinne a gclú thar theorainneacha.

(12) MEASANN SÍ nach foláir an comhar ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon a neartú. Is gá an comhar idir na Ballstáit, agus a éifeachtacht, a mhéadú trí leas a bhaint as líonraí de chuid an Aontais atá ann cheana féin. D'fhéadfaí go mbeartófaí comhar idir an Líonra Eorpach maidir le Cearta Íospartach ('ENVR'[12] anseo feasta) agus líonraí ábhartha eile de chuid an Aontais amhail an Gréasán Breithiúnach Eorpach[13] agus an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta ('EUCPN' anseo feasta)[14]. Thairis sin, measann an Chomhairle go bhféadfaí cruinnithe de na lárphointí teagmhála, a shainítear sa Treoir maidir le Cúiteamh, a eagrú ar bhonn níos rialta, mar shampla i ndáil le cruinnithe/gníomhaíochtaí ENVR. D'fhonn dearcadh na n-íospartach a shainaithint go daingean agus an tacaíocht a thugtar dóibh a neartú, is gá comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí agus/nó le gníomhaithe eile a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil a chur chun cinn ar bhealach gníomhach.

(13) MEASANN SÍ gur cuid de chroíchearta íospartach é cúiteamh i leith damáistí a rinneadh d'íospartaigh na coireachta. Is ar an gciontóir atá an phríomhoibleagáid cúiteamh éifeachtach a thabhairt d'íospartaigh. Ach, ba cheart iarrachtaí speisialta a dhéanamh go luath chun feabhas a chur ar rochtain éifeachtach íospartach ar chúiteamh stáit mar a fhoráiltear faoi na forálacha i dtaca le scéimeanna náisiúnta cúitimh sa Treoir maidir le Cúiteamh. Leis an méid sin, cuirfear feabhas ar chás íospartaigh na coireachta intinniúla foréigní go háirithe.

---

[12] Bunaíodh ENVR chun na Conclúidí ón gComhairle lena mbunaítear Líonra Neamhfhoirmiúil Eorpach maidir le Cearta Íospartach, a glacadh i mí an Mheithimh 2016 (9997/16), a chur chun feidhme.

[13] Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach (IO L 348, 24.12.2008, lch. 130).

[14] Cinneadh 2009/902/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Eorpach um Chosc na Coireachta (EUCPN) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2001/427/CGB (IO L 321, 8.12.2009, lch. 44).

(14) MEASANN SÍ gur cheart, chun rochtain íospartach ar chúiteamh a éascú, bearta iomchuí a bheartú. D'fhéadfaí a áireamh leis na bearta sin comhar ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon a neartú. D'fhéadfaí athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cúiteamh a bheartú freisin ag brath ar thoradh na meastóireachta leanúnaí. Ba cheart na cúraimí atá ar na pointí teagmhála náisiúnta a shainiú a thuilleadh a bheith mar chuid den obair athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh. Thairis sin, d'fhonn gníomhaíochtaí amach anseo a bheartú i réimse rochtain na n-íospartach ar chúiteamh, ba cheart níos mó faisnéise a chur ar fáil i ndáil le deacrachtaí a bhaineann leis an Treoir maidir le Cúiteamh a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tá gá le níos mó faisnéise faoi chritéir náisiúnta le haghaidh cúitimh agus sainmhínithe ar choireanna intinniúla foréigneacha sna Ballstáit.

(15) CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá cúiteamh de chineál airgid a choinneáil chun scéimeanna cúitimh stáit a shimpliú, mar aon leis na difríochtaí idir na Ballstáit a chur san áireamh go leordhóthanach. . Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil baol íospartha tánaistí ann d'íospartaigh agus cúiteamh á éileamh acu trí thacaíocht agus cosaint iomchuí a chur ar fáil. Ní mheasann an Chomhairle gur féidir cúiteamh agus scéimeanna cúitimh stáit a chomhchuibhiú; mar sin féin, d'fhéadfaí a fhiosrú an bhféadfaí an sainmhíniú ar íospartaigh atá i dteideal cúiteamh stáit a chomhchuibhiú go pointe áirithe.

**Iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach an méid a leanas a dhéanamh :**

1. Straitéis de chuid an Aontais do 2020-2024 maidir le cearta íospartach A THARRAINGT SUAS. Ba cheart an straitéis a bheith cuimsitheach agus ba cheart íospartaigh uile na coireachta a chumhdach léi, agus béim ar leith á leagan ar íospartaigh coireanna foréigneacha. Ba cheart cur chuige córasach a áireamh léi chun rochtain éifeachtach ag íospartaigh ar cheartas agus ar chúiteamh a áirithiú.

2. Na bearta seo a leanas A ÁIREAMH leis an straitéis: dea-chleachtais a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir le conas feabhas a chur ar rochtain íospartach ar fhaisnéis, tacaíocht agus cosaint, tionscnaimh nua phraiticiúla le haghaidh oiliúna agus, gníomhaíochtaí líonraí de chuid an Aontais atá ann cheana féin, amhail an Líonra Eorpach maidir le Cearta Íospartach agus líonra na bpointí teagmhála náisiúnta a bhunaítear faoi Airteagal 16 den Treoir maidir le Cúiteamh, a chomhordú agus a neartú. Sa chomhthéacs sin, iarrtar ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus luach ENVR agus líonra na bpointí teagmhála náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá sé an dá líonra sin a chumasc.

3. An creat reachtach atá ann cheana féin maidir le cearta íospartach A LUACHÁIL mar chuid den straitéis thuasluaite. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an athbhreithniú ar rialacha an Aontais a bhaineann le cúiteamh amhail an Treoir maidir le Cúiteamh. Ba cheart scrúdú a dhéanamh freisin ar na héifeachtaí a bheidh ag Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais[15] ar rochtain íospartach ar chúiteamh.

4. IARRAIDH ar Eurojust, FRA, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus ENVR féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla i ndáil le híospartaigh coireanna foréigneacha i gcásanna trasteorann. Thairis sin, d'fhéadfadh an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí rannchuidiú freisin, go háirithe maidir le hoiliúint a chur ar údaráis inniúla.

5. LEAS IOMLÁN A BHAINT as ionstraimí cistiúcháin an Aontais agus cearta íospartach coireanna á gcur chun cinn agus faisnéis faoi dheiseanna cistiúcháin ón Aontas darb aidhm feabhas a chur ar chearta íospartach sna Ballstáit a scaipeadh go gníomhach.

---

[15] IO L 76, 22.3.2005, lch. 16.

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:**

1. Trasuí iomlán ceart agus cur chun feidhme praiticiúil éifeachtach reachtaíocht reatha an Aontais maidir le cearta íospartach A ÁIRITHIÚ.

2. An gealltanas A CHOMHLÍONADH i ndáil leis na bearta a comhaontaíodh sna Conclúidí a tháinig ón gComhairle le déanaí i réimse chearta na n-íospartach a chur chun feidhme.

3. A ÁIRITHIÚ go nglacfaidh na húdaráis náisiúnta chúitimh páirt, nuair is gá, i ngníomhaíocht náisiúnta dhéthaobhach agus i gcruinnithe de phointí teagmhála náisiúnta chun comhar a neartú.

4. Cur chuige cuimsitheach iomlánaíoch A ÁIRITHIÚ i leith cearta íospartach, ar cur chuige é lena mbeidh baint ag na gníomhaithe go léir ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh, agus lena n-áireofar rochtain íospartach ar fhaisnéis faoina gcearta, tacaíocht agus cosaint i gcomhréir le riachtanais aonair íospartach.

5. A ÁIRITHIÚ go mbeidh beartais náisiúnta chúitimh ann maidir le rochtain íospartach ar chúiteamh agus, más gá, beartais a fhorbairt chun a bhfeidhmiú a fheabhsú. Féadfaidh cuid den fhorbairt sin díriú ar fheabhas a chur ar na féidearthachtaí chun úsáid a bhaint as teicneolaíocht nua d'fhonn níos mó faisnéise faoi chúiteamh a thabhairt d’íospartaigh. Ba cheart an fhaisnéis a bheith idirghníomhach, sothuigthe agus inrochtana do gach úsáideoir. Ba cheart do na Ballstáit smaoineamh ar an bhfaisnéis sin a chur ar fáil i mBéarla ar a laghad sa bhreis ar na teangacha náisiúnta. Moltar do na Ballstáit freisin seirbhísí leictreonacha agus foirmeacha atá soláimhsithe a fhorbairt chun iarratas a dhéanamh ar chúiteamh.

6. Feasacht na n-oifigeach ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh A MHÉADÚ i ndáil le scéimeanna cúitimh an stáit, mar shampla trí oiliúint a chur ar fáil. Thairis sin, iarrtar ar na Ballstáit a mheas ar cheart an oiliúint faoi Airteagal 25 den Treoir maidir le Cearta Íospartach a chur ar fáil d’údaráis chúitimh.

7. LEAS IOMLÁN A BHAINT as ionstraimí cistiúcháin an Aontais agus cearta íospartach coireanna á gcur chun cinn, lena n-áirítear mar shampla trí láithreáin ghréasáin náisiúnta, línte cabhrach gutháin agus feidhmchláir mhóibíleacha d’údaráis chúitimh, a bheidh soláimhsithe, a fhorbairt sna Ballstáit.